Gaelscoil
Mhíchíl
Cíosóg
Inis

# Cód Iompair

*(Lúnasa 2025 – Meitheamh 2027)*

## Ráiteas Tosaigh

Tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg tar éis glacadh leis an gCód Iompair seo de réir na coinníollacha atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa chiorclán 20/90, de réir Riail 130 de Rialacha na mBunscoileanna agus an tAcht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1).

## Ráiteas Scoile

Is gnéith rí-thábhachtach do shaol na scoile seo an t-iompar a bhíonn le sonrú sa saol laethúil scoile. Cabhraíonn an cód iompair le **hatmaisféar dearfach** a chothú agus a shníomh trí gach snáth den scoil, chun go mbeidh ar chumas ár múinteoirí múineadh go héifeachtach agus go mbeidh deiseanna oiriúnacha foghlama curtha ar fáil do gach páiste, le go mbeidh ar a gcumas foghlaim a dhéanamh mar is dual dó/dí. Eascrann an cód seo ón ngá atá le **dea-riar, dea-iompar agus dea-bhéasa a chothú sa timpeallacht scoile agus i measc an phobail**.

Caithfidh **comhaontas láidir** a bheith ann i measc pobal na scoile go léir Chun ard chaighdeán dea-iompar a bhaint amach sa scoil. Tá an scoil ag súil le comh oibriú láidir idir an scoil agus an baile leis an gcód seo a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht an cód seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go tuisceanach, chomh maith le deíleáil le haon chás a thiocfaidh os a gcomhair go cóir, coinsiasach, ionann. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tacaíocht don Phríomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí/ caomhnóírí na scoile maidir le feidhmiú an chóid. Teastaíonn uainn **bunoideachas d'ardchaighdeán** trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil d'ár bpáistí **i dtimpeallacht thaitneamhach, shábháilte lán-Ghaelach**.

Tá an cód seo againn le soiléiriú a dhéanamh ar an gcaighdéan iompair a bhíonn á lorg againn sa scoil agus le cabhrú le pobal na scoile tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid lárnach den chód iompair.

## Riail na Gaeilge

Is í an Ghaeilge teanga teagaisc agus cumarsáide na scoile. Déileáltar le sárú an riail seo faoin bpolasaí Riail na Gaeilge.

## An gaol le spioraid sainiúil na scoile

Tuigimíd gur cuid an-tábhachtach den gcód iompair an dearcadh dearfach a bhíonn le feiceáil go laethúil ón bPríomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí/ caomhnóírí agus na scoláirí. Teastaíonn uainn go mbeadh an **dea-shampla agus dea-iompar á chothú go leanúnach** agus go dtabharfar aitheantas agus **moladh don dea-iompar** nuair a bhíonn sé le feiceáil. Ní foláir dúinn go léir, go háirithe múinteoirí na scoile, a chinntiú go léireofar ard mholadh don pháiste, nuair is cóir. Déanfar páistí a mholadh de bharr

an dea-ghníomh a dhéanann siad, an dea-iompar a mhaireann siad nó/agus an dea shampla a thugann siad.

Beidh béim i gcónaí ar fhorbairt an pháiste le linn a t(h)réimhse sa scoil. Beifear ag súil le hardchaighdeán iompair ó na daltaí le go mbeidh daltaí, foireann agus teaghlaigh na scoile in ann taitneamh agus tairbhe a bhaint as a dtaithí sa scoil.

## Aidhmeanna

Tá aidhmeanna an chóid seo bunaithe ar na bun-phrionsabail a leanas:

- *Dea-chumarsáid*
- *Dea-fhoghlaim*
- *Meas*
- *Sábháilteacht*

Chun iad seo a bhaint amach éilímíd go gcuirfear na haidhmeanna seo i gcrích:

*A chur ar chumas na scoile **feidhmiú i slí tuisceanach, coinsiasach**, ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt.*

***Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint againn ar a chéile** agus go dtugtar aitheantas do dhínit gach duine **iompar dhearfach, freagracht phearsanta** agus **féinsmacht** a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá atá le freastal ar na difríochtaí sin.*

## Luachanna le cur chun cinn inár scoil

Is iad seo na luachanna a bhaineann le héiteas na gaelscoile a léiríonn na caighdeáin iompair atá lorg agus á fhorbairt againn inár bpobal scoile:

- Meas ort féin agus ar dhaoine eile.
- Cineáltas le agus toilteanas cabhrú le daoine eile.
- Cúirtéis agus dea-bhéasaí a úsáid chun deacrachtaí & coimhlintí a réiteach.

## An Fhoireann

Caithimid go léir caidreamh a dhéanamh a léiríonn meas agus dínit dá chéile. Cuireann an príomhoide agus an fhoireann teagaisc béim an-láidir ar thábhacht an chomhoibriú agus ar dhearfacht an phobail maidir leis an ndea iompar a chur chun cinn. Tá freagracht ar gach ball den bhfoireann cabhrú é seo a chuir chun cinn agus áit lárnach a thabhairt do dhínit gach duine atá ag feidhmiú sa scoil.

## An Bord Bainistíochta

Déantar comhairliúchán leis an mBord Bainistíochta nuair atá an cód iompair á athbhreithniú, ag cruinniú Bord Bainistíochta nó más gá fo-choiste a chur i bhfeidhm le féachaint go mion ar an gcóras/ ar an gcód agus a éifeacht a mheas.

Tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an gcód iompair sa scoil ar bhonn leanúnach tré dea thoil a chothú i measc na páirtithe ar fad. Freisin tacaíonn an Bord leis an bhfoireann agus an cód iompair á chur i bhfeidhm.

**Tuismitheoirí**

Scaiptear cóip leasaithe den chód ar thuismitheoirí nuair a bhíonn páiste cláraithe le freastal ar an scoil agus bíonn cóip iomlan ar fáil sa scoil féin agus ar an suíomh idirlín (Gaeilge agus Béarla). Tacaíonn tuismitheoirí leis an scoil ó thaobh dea-iompar a chur chun cinn agus caighdeáin ard iompair a chothú.

- *Tá siad ar an eolas faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leis.*
- *Déanann siad cinnte go mbíonn páistí ar scoil in am.*
- *Freastalaíonn siad ar chruinnithe ag an scoil má éilítear sin orthu.*
- *Cabhraíonn siad le páistí an obair bhaile a dhéanamh.*
- *Déanann siad cinnte go mbíonn na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag leanaí.*
- *Síníonn said an leabhrán obairbhaile go laethúil, chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi cad atá a bpáistí ag déanamh ar scoil.*

**Na Páistí**

Labhróidh duine ón gCoiste Dea-iompair leis na páistí ag tús gach scoil-bhliain maidir leis an gcód iompair. Ba chóir go leanfaidís an cód nuair atá siad ar shuíomh na scoile nó ag glacadh páirt in imeachtaí scoile.

**Straitéisí chun dea-iompar a chothú**

Is iad seo a leanas roinnt straitéisí le dea-iompar a chothú:

- go mbeadh daltaí páirteach i róil a bhfuil freagrachtaí ag baint leo sa scoil.
- go dtuigfeadh daltaí tábhacht an chód agus an ról atá acu ina chuir chun cinn.
- go bhfeicfeadh siad go n-oibríonn an cód go cothrom.
- go mbíonn daltaí a chur san áireamh in ullmhú rialacha scoile agus seomra ranga.
- go ndéantar duaiseanna, dualgais nó pribhléidí a bhronnadh mar a bhíonn oiriúnach.
- go ndéantar bainistiú tuisceanach ar an seomra ranga agus ar na clóis scoile, clós na naíonán, clós RI-2 agus clós R3-6.

Úsáidfear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár bpáistí scileanna a fhorbairt - dea scileanna cumarsáide, slite oiriúnacha idirghníomhaíochta iompair agus scileanna le coimhlintí a réiteach.

Déantar iarracht freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le páistí glacadh le difríochtaí agus saoránacht a fhorbairt (Am Ciorcail, dualgais a dháileadh, freagracht a thabhairt do pháistí agus de réir mar a fhásann siad, a bheith gníomhach ag maoirseacht a n-iompar féin).

Is féidir le tuismitheoirí & múinteoirí tionchar a bheith acu ar roinnt coinníollacha a bhaineann le hábaltacht dalta chun a n-iompar féin a athrú. I measc na dtoscaí seo tá:

- Spriocanna a thabhairt do dhaltaí.
- Scileanna a fhorbairt deileáil le coimhlintí.
- Tacaíocht ó thuimitheoirí, ó mhúinteoir agus ón bpiarghrúpa.

Ba chóir go n-úsáidfí smachtbhanna i slí ómósach, tuisceanach a chabhraíonn le dalta torthaí a n-iompair a thuiscint agus le freagracht a ghlacadh chun an t-iompar sin a athrú.

## Iompar Míchuí

I gCód Iompair Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg déantar mí-iompar a rangú i dtrí leibhéil éagsúla bunaithe ar cé chomh mór is gur chuir an mí-iompair isteach ar an bpobal scoile.

## Leibhéal a hAon

Is éard atá i gceist le hiompair leibhéal a haon ná iompar a chuireann isteach ar thimpeallacht foghlamtha na scoile, an tseomra ranga agus na háiteanna comónta. Liostáilte thíos tá samplaí den iompar atá san áireamh i Leibhéal 1.

Tabhair faoi deara, le bhúr dtoil, nach liosta cuimsitheach é seo.

- *Ag caint ag am michuí, ag briseadh isteach ar chaint dhaoine eile*
- *Gan cloí le riail clóis*
    - *Imirt gharbh, ag ciceáil uisce ar dhaoine, ag sciobadh hataí, ag dreapadh ar bhallaí (ní liosta cuimsitheach é seo).*
- *Gan cloí leis na rialacha do na siúltáin/ háiteanna comhroinnte*
- *Ais-fhreagairt*
- *Gan cloí le rialacha iompair maidir le gníomhaíochtaí/imeachtaí scoile*
- *Ag cur isteach ar obair nó ar shúgradh dhaoine eile.*
- *Ag déanamh neamhaird ar iarratais ó bhaill foirne*
- *Ag magadh faoi dhaoine eile*
- *Loiceadh obair bhaile a chríochnú*
- *Loiceadh éadaí scoile a chaitheamh*
- *Ag seachaint comhghleacaithe*

## Leibhéal 1: Gníomh Smachtaithe

Is na múinteoirí a ghearrfaidh an píonós ag Leibhéal 1.

D'fhéadfaí ceann de na píonóis seo a leanas a chur ar pháiste toisc iompar Leibhéal a hAon

- *Iomardú béil nó cur i gcuimhne ó bhéal*
- *Ainm taifeadta sa Leabhar Iompair.*
- *Atreisiú d'iompar dearfach*
- *Coinneáil ag am lóin (Ar an lá, nó an lá dár gcionn.)*
- *Scaradh sealadach ó chairde, ó chomhghleacaithe nó ó dhaoine eile, m.sh. "am amuigh" ag áit shainithe sa chlós nó 'am amuigh' i seomra ranga eile.*

- *Úsáid a bhaint as leathanach machnaimh (Sínithe ag an tuismitheoir)*
- *Caillteanas pribhléidí*
- *Teagmháil le tuismitheoirí (nóta sa Dialann Obair Bhaile)*

**Leibhéal 1: Idirghabháil Thacúil**

- *Idirghabhálacha ranga, mar am ciorcail nó cruinnithe ranga*
- *Iompar dearfach a phlé leis an bpáiste/rang*

**Leibhéal 2**

Is éard atá i gceist le hiompair leibhéal a dó ná iompar a chuireann go mór isteach ar thimpeallacht foghlamtha éifeachtach na scoile agus a d'fhéadfadh a bheith contúirteach do shábháilteacht agus folláine na ndaltaí agus na foirne.

Liostáilte thíos tá samplaí den iompar atá san áireamh i Leibhéal 1.

Tabhair faoi deara, le bhúr dtoil, nach liosta cuimsitheach é seo.

- *Cásanna leanúnacha (5 uaire nó níos mó) d'iompar leibhéal 1 nach bhfuil athruithe tar éis idirghabhála*
- *Maoin phearsanta nó scoile a scriosadh d'aon ghnó*
- *Ag caitheamh tobac*
- *Teachtaireacht mhailíseach nó ghránna aon uaire (téacs/nó teachtaireachtr phríobháideach eile ar líne)*
- *Ag goid*
- *Bullaíocht*
- *Droch-chaint nó caint mhaslach*
- *Tagairt dhímheasúil maidir le cine, hinscne, creideamh, riocht fisiciúil, míchumas nó bunús eitneach duine*
- *Seilbh nó úsáid bréagán dáinséarach nó trealamh spóirt (m.sh. saighdeanna/dairteanna, sceana, léasar srl.)*
- *Cur isteach ar dhuine/ Sárú duine (éadaí, tadhall míchuí, srl)*

**Leibhéal 2: Gníomh Smachtaithe**

Is na múinteoirí/an Príomhoide/ an Príomhoide Tánaisteach nó Ceannasaí Choiste Smachta na Scoile a ghearrfaidh an píonós ag Leibhéal 2. D'fhéadfadh fógra foirmiúil le cáipéisiú i scríbhinn a bheith i gceist.

D'fhéadfaí ceann de na píonóis seo a leanas a chur ar pháiste toisc iompar Leibhéal a Dó

- *Cruinniú le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í)*
- *Bileog machnaimh (Sínithe ag an tuismitheoir)*
- *Coinneáil ag am lóin (Ar an lá, nó an lá dár gcionn.)*
- *Caillteanas pribhléidí eg. Imeachtaí scoile, glacadh páirte ar fhoirne scoile*
- *Cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Iompair*
- *Fíonraí ón scoil, idir aon agus cúig lá ag braith ar dhéine an iompair.*
- *Tuairisc seolta ag an mBord Bainistíochta*

**Leibhéal 2: Idirghabháil Thacúil**

Liostáilte thíos gheobhfar roinnt samplaí de ghníomhartha tacúla do Leibhéal 2:

- *Comhdháil Foirne a bhféadfadh a bheith ar áireamh ann, an múinteoir ranga, múinteoir T.F., baill foirne eile (SNA srl), Príomhoide, Príomhoide Tánaisteach nó Coiste Dea-iompair na Scoile.*
- *Iarratas ar thacaíocht ó ghníomhaíochtaí seachtracha mar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), Seirbhisí Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE_), an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB).*

**Leibhéal 3**

Meastar gurb iad na sáruithe is tromchúisí na hiompair ag Leibhéal 3. Cuireann na hiompair seo sláinte, sábháilteacht agus folláine na ndaltaí agus foirne na scoile i mbaol láithreach.

Is bagairt dhíreach iad ar fheidhmiú ordúil timpeallacht na scoile.

Liostaítear thíos roinnt samplaí de chineálacha iompair atá san áireamh i Leibhéal 3. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach liosta cuimsitheach an liosta seo.

- *Cásanna leanúnacha (5 uaire nó níos mó) d'iompar leibhéal 2 nach bhfuil athruithe tar éis idirghabhála*
- *Imeaglú nó ciapadh aon bhall foirne, ar aon dóigh ar bith, go digitheach nó ar aon bhealach eile.*
- *Ag fágáil na scoile gan chead.*
- *Ionsaí nó iompar thar a bheith bagrach nó foiréigneach a dhéanamh do bhall phobail na scoile.*
- *Ionsaí gnéasach*
- *ag soláthar drugaí mídhleathacha do dhaltaí eile sa scoil*
- *Tinte a lasadh*
- *Seilbh nó úsáid airm d'aon ghnó*
- *Troid fhoiréigneach nó díobháil fhisiciúil do dhaoine eile*
- *Iallach a chur ar dhaoine chun troda nó chun gabháil do dhrochiompar tromhchúiseach*

**Leibhéal 3: Gníomh Smachtaithe**

Is é an Príomhoide a ghearrfaidh an píonós ag Leibhéal 3.

D'fhéadfaí ceann de na píonóis seo a leanas a chur ar pháiste toisc iompar Leibhéal a Trí.

- *Cruinniú le tuismitheoirí*
- *Cur i bhfeidhm Plean Bainistíochta Iompair i gcomhair leis an múinteoir ranga nó bainistíocht sinsearach*
- *Fionraí ón scoil (idir 1 agus 5 lá)*
- *Fionraí ón scoil (idir 5 agus 10 lá)*
- *Díbirt ón scoil*

**Leibhéal 3: Idirghabháil Thacúil**

Liostáilte thíos gheobhfar roinnt samplaí de ghníomhartha tacúla do Leibhéal 3:

- *Comhdháil Foirne a bhféadfadh a bheith ar áireamh ann, an múinteoir ranga, múinteoir T.F., baill foirne eile (SNA srl), Príomhoide, Príomhoide Tánaisteach nó Coiste Dea-iompair na Scoile.*
- *Iarratas ar thacaíocht ó ghníomhaíochtaí seachtracha mar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), Seirbhisí Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an*

*Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE_), an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB).*

**Taifead agus Tuairisciú**

Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun iompar sa scoil a cháipéisiú. Tá siad de réir treoracha na scoile agus reachtaíocht um chosaint sonraí.

**Leibhéal Ranga**

Cuireann na múinteoirí an Cheannasaí Choiste Smachta ar an eolas maidir le aon shárú rialacha scoile (L1 – L3). Is leor téacs nó nóta chuig an gCoiste le ainm an dalta, an rang, an dáta agus cur síos an-ghairid ar an ndroch iompair. Beidh an t-eolas seo ar fáil i Leabhar Iompair na scoile.

Déanann an múinteoir ranga taifead ar eachtraí mí-iompair ag Leibhéal 1, 2 agus 3 mar is cuí. (Aladdin)

Déanann an múinteoir ranga tuairisciú ar iompar le linn chruinnithe tuismitheoirí agus i dtuairiscí dheireadh na bliana.

Is féidir le múinteoirí nótaí a scríobh sa Dialann Obair Bhaile chun tuismitheoirí ar chur ar an eolas faoi iompar, idir dhearfach agus dhiúltach.

**Clós na Scoile & Timpeall na Scoile**

Cuireann na múinteoirí i bhfeighil ar an gclós, nó aon mhúinteoir timpeall na scoile an Cheannasaí Choiste Smachta ar an eolas maidir le aon shárú rialacha iompair (L1 – L3). Is leor téacs nó nóta chuig an gCoiste le ainm an dalta, an rang, an dáta agus cur síos an-ghairid ar an ndroch iompair. Beidh an t-eolas seo ar fáil i Leabhar Iompair na scoile.

Cuirfear an múinteoir ranga ar an eolas maidir le haon eachtra mí-iompair ag deireadh aon tréimhse sos/lóin. Déanann an múinteoir ranga taifead ar eachtraí mí-iompair ag Leibhéal 1, 2 agus 3 mar is cuí. (Aladdin)

Cuirtear an Príomhoide Tánaisteach/ Ceannasaí Choiste Smachta na Scoile ar an eolas maidir le mí-iompar ag Leibhéal 2.

Cuirtear an príomhoide ar an eolas maidir le haon mí-iompar ag Leibhéal 3.

**Taifid Scoile**

Coimeádann an múinteoir ranga/ Tacaíocht Foghlamtha Pleananna Aonair um Bhainistíocht Iompair agus coimeádtar san oifig iad ag deireadh gach scoilbhliana.

Coimeadtar aon cháipéisíocht maidir le fíonraí/díbirt i gcomhaid na ndaltaí in oifig an Phríomhoide agus déantar iad a thuairisciú don NEWB (an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais).

Coimeadtear Leabhar Iompair na Scoile i seomra an Cheannasaí Choiste Smachta. Á líonadh *acu* tar éis gach eachtra. Ar fáil do chách roimh cruinnithe nó chun breis eolas a fháil ar pháiste.

**Coinneáil Istigh**

Beidh duine ón gCoiste Smachta (nó múinteoirí eile) i bhfeighil 'coinneáil istigh' gach lá ag am lóin (11:50 – 12:15). Beidh sé ar siúl i seomra ranga Múinteoir Enda (2020 – 2021).

Má bhíonn eachtra droch iompair (L.1 nó L.2) roimh meán-lae (8:30 – 12:00) beidh coinneáil istigh ar an lá sin. Ach, ó 12:00 go dtí go bhfágann na páistí suíomh na scoile, má tharlaíonn eachtra (L.1 nó L.2) beidh coinneáil istigh don páiste sin ar an lá dar gcionn.

Chun ainm(neacha) an páiste/na páistí atá ag le coinneáil istigh a roinnt leis an gCoiste Smachta, arís, is leor téacs nó nóta chuig an gCoiste le ainm an dalta, an rang, an dáta agus cur síos an-ghairid ar an ndroch iompair.

Beidh billeog scíobhnóireachta ag na páistí le déanamh (nó obair ranga óna m(h)úinteoir). Ní bheidh cead cainte. Ag fágáil, gheobhaidh na páistí billeog mhachnaimh le déanamh an oíche sin. Síneoidh an tuismitheoir/caomhnóir í. Tabharfaidh an páiste an bhilleog dá m(h)úinteoir agus bailleoidh ceannasaí na Coiste Smachta iad ag deireadh gach seachtain. Beidh siad ar fáil leis an Leabhar Iompair.

**Fionraí**

Leanfaidh Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg na treoirlínte atá leagtha amach i gcaibidil 11 "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna" NEWB, 2008.

**Díbirt**

Droch iompar leanúnch L.3 is cúis le cásanna díbirte a phléigh. Leanfaidh Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg na treoirlínte atá leagtha amach i gcaibidil 12 "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna" NEWB, 2008.

**Achomharc**

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoin gceart atá acu achomhairc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998, má shocraítear dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt go buan ón scoil. Ba cheart achomhairc a dhéanamh laistigh de 42 lá, ón dáta a cuireadh an tuismitheoir nó an dalta ar an eolas faoi chinneadh na scoile. (Imlitir 22/02)

**Róil agus Freagrachtaí**

Tá freagracht ar gach ball den phobal scoile, a chinntiú go mbíonn an polasaí seo ag feidhmiú go hoiriúnach agus go héifeachtach. Tá gá lena alán comhoibriú chun go mbeadh sé ag feidhmiú le tuiscint inár scoil. Déanfar monatóireacht ar an bplean agus ag tús na scoilbhliana déanfar deimhin de go bhfuil aon athruithe is gá déanta.

Is admháil é freastal an pháiste ar Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg, go nglacann tuismitheoirí nó caomhnóirí an pháiste leis an gcód iompair seo agus leis na nósanna imeachta a ghabhann leis.

**Dáta Cur i bhFeidhm**

Eanáir 2021.

*Déanfar athbhreithniú ar an bplean seo i Mí Mean Fómhair 2022.*

**Daingniú & Cumarsáid:**

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí seo ar an 08/07/25

Cuirfear cóip den pholasaí ar shuíomh na scoile (www.gmci.ie) agus freisin roinnfear é le foireann na scoile agus le comhairle na dtuismitheoirí.

Cathaoirleach: ____________________

Dáta: 08/07/25